C/2025/5510

9.10.2025

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Meán Fómhair 2025

lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne thar ceann na Gearmáine

(C/2025/5510)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le hInstitiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne a bhunú [1], agus go háirithe Airteagal 10 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2025/2802 [2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne don tréimhse ón 1 Meitheamh 2025 go dtí an 31 Bealtaine 2028.

(2) Tá suíochán comhalta ar Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne tagtha chun bheith folamh anois mar gheall ar Petra FOLLMER-OTTO a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag Rialtas na Gearmáine don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Katharina JESTAEDT ina comhalta de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne in ionad Petra FOLLMER-OTTO, go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Bealtaine 2028.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BØDSKOV

[1] IO L 403, 30.12.2006, lch. 9.

[2] Cinneadh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2025 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne (IO C, C/2025/2802, 19.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2802/oj).